Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

# Nochtuithe Cosanta

## Beartas agus Nósanna Imeachta le haghaidh nochtuithe do TII sa chás nach fostaí nó Ball d'Údarás (Bord) reatha nó iar-fhostaí nó iar-Bhall Údaráis é oibrí

**Cód Cleachtais Aguisín E(i)**

Eanáir 2023

**TÁBHACHTACH: Ní airbheartaítear gurb ionann an doiciméad seo agus léirmhíniú ar an dlí nó go bhfuil treoir nó comhairle dhlíthiúil á tairiscint ann. Ba cheart d'aon duine atá ag breithniú nochtadh cosanta a dhéanamh féachaint ar dtús ar fhorálacha Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú, agus comhairle dlí a lorg más gá.**

**Tá Treoir maidir leis an Acht um Nochtadh Cosanta le fáil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag https://www.per.gov.ie/en/protected-disclosures-act-2014-and-guidance/ agus freisin ag https://raiseaconcern.com/legislation/protected-disclosures-act-2014-guidance**

**Clár na nÁbhar**


1. An tAcht um Nochtadh Cosanta……………………………………………………………lch 3.
2. Beartas TII……………………………………………………………………………………………lch 3
3. Prionsabail……………………………………………………………………………………………lch 3
4. Maoirseacht……………………………………………………………………………………………lch 3
5. Céard é Nochtadh Cosanta?...............................................................lch 4
6. Céard é *oibrí* faoin Acht?..............................................................lch 4
7. Céard é éagóir iomchuí?..............................................................lch 4
8. Eisiaimh ó éagóir iomchuí…………………………………………………lch 5
9. Céard é faisnéis?.........................................................................lch 5
10. Céard é tuairim réasúnach?……………………………………………………………lch 5
11. Céard é comhthéacs a bhaineann leis an obair?...........................................................lch 6
12. Rúndacht……………………………………………………………………………………lch 6
13. Nochtuithe anaithnide………………………………………………………………………lch 6
14. Nósanna imeachta chun nochtadh a dhéanamh – Inmheánach……………………………………….lch 7
15. Nósanna imeachta chun nochtadh a dhéanamh – Seachtrach……………………………………lch 7
16. Measúnú nochtuithe – Inmheánach…………………………………………………lch 9
    (i) Admháil maidir le nochtadh cosanta…………………lch 9
    (ii) Measúnú tosaigh……………………………………………………………………lch 9
    (iii) Céim an imscrúdaithe iomláin…………………………………………………………lch 10
    (iv) Conclúid an imscrúdaithe agus Aiseolas………………………………lch 11
    (v) Prionsabail ghinearálta d'imscrúduithe…………………………………………lch 12
17. Athbhreithniú ar mheasúnuithe agus ar imscrúduithe……………………………………………lch 13
18. Cosaint ar phionósú……………………………………………….…………….lch 14
19. Taifid agus tuairisciú………………………………………………………………………….lch 15
20. Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise………………………………………lch 15
21. Tacaíocht agus Comhairle………………………………………………………………………………lch 16
22. Tuairiscí ó Bhaill den Údarás (Bord)……………………………………lch 16
23. Treoir maidir le nochtadh a dhéanamh………………………………………………………lch 17

Aguisín I – Teimpléad de Thuairisc an fhaighteora…………………………………………………lch 18

## 1. An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Is é aidhm Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, creat a sholáthar inar féidir le hoibrithe aird a tharraingt ar ábhair imní maidir le héagóir fhéideartha atá tugtha faoi deara acu i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Soláthraíonn an tAcht cosaint ó phionósú má tharlaíonn a leithéid mar thoradh ar nochtadh cosanta a dhéanamh.

## 2. Beartas TII

Tá Bord agus Foireann Bainistíochta TII tiomanta do na caighdeáin is airde d'oscailteacht, d'ionracas agus de chuntasacht. Tacaítear le cultúr san ionad ina spreagtar éagóir a nochtadh chun baill foirne agus daoine eile a bhfuil baint acu le TII a chumasú chun ábhair imní a roinnt ar bhealach freagrach agus éifeachtach. Sa chás go n-aimsíonn duine faisnéis a chreideann sé/sí a léiríonn faillí nó éagóir laistigh de TII, ansin ba cheart go bhféadfaí an fhaisnéis seo a nochtadh go hinmheánach gan imní maidir le díoltas. Má tá imní ar oibrí maidir le héagóir amhrasta a bhfuil tionchar aige ar aon cheann de ghníomhaíochtaí TII, ba cheart dó/di é sin a thuairisciú faoin mBeartas seo de réir na Nósanna Imeachta atá sonraithe.

## 3. Prionsabail

Is iad na príomhphrionsabail seo a leanas bunús an Bheartais agus na Nósanna Imeachta seo:

- Ba cheart go mbeadh gach tuairisc d'éagóir san áit oibre, mar chúrsa gnáthaimh, faoi réir measúnú tosaigh agus aon ghníomh leantach iomchuí;
- Ba cheart gurb é an phríomhaidhm a bheadh leis an bpróiseas díriú ar an éagóir atá tuairiscithe seachas díriú ar an duine a thuairiscigh an éagóir;
- Ba cheart aitheantas an duine a thuairiscigh an éagóir agus aitheantas aon duine iomchuí eile a chosaint go cuí; agus
- Ar an gcoinníoll go nochtann an duine a thuairiscigh an éagóir faisnéis a bhaineann leis an éagóir iomchuí, ar bhealach oiriúnach, agus bunaithe ar thuairim réasúnach, níor cheart go mbeadh aon cheist maidir le pionósú i gceist.

## 4. Maoirseacht

Tá Ceannasaí Rialachais & Dlí TII freagrach as bainistíocht agus comhordú laethúil nósanna imeachta faoi Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú) agus as táirgeadh na dtuarascálacha forordaithe. Tuairisceoidh an Ceannasaí Rialachais agus Dlí maidir le gníomhaíocht faoi mbeartas seo agus faoi nós imeachta don POF atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an mbeartas agus ar an nósanna imeachta nochtuithe cosanta. Déanfar an beartas agus na nósanna imeachta seo a athbhreithniú uair amháin gach trí bliana ar a laghad.

## 5. Céard é Nochtadh Cosanta?

Is éard atá i gceist le nochtadh cosanta **nochtadh faisnéise** arb ionann é, bunaithe ar **thuairim réasúnach oibrí**, agus nochtadh a léiríonn **éagóir iomchuí** amháin nó níos mó; a thug an t-oibrí faoi deara i **gcomhthéacs a bhaineann leis an obair**; agus atá á nochtadh ar an mbealach atá forordaithe san Acht.

## 6. Cé hé *oibrí* faoin Acht?

Sonraítear in Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022), “an tAcht”, an sainmhíniú ar oibrí a áirítear ann fostaithe, comhairligh, conraitheoirí, oiliúnaithe íoctha nó neamhíoctha, mic léinn taithí oibre, scairshealbhóirí, oibrithe deonacha, intéirnigh, oibrithe páirtaimseartha, lánaimseartha, ócáideacha, oibrithe gníomhaireachta, daoine atá páirteach i bpróisis earcaíochta nó réamhchonarthacha agus baill Boird atá ag feidhmiú faoi láthair nó a bhí ag feidhmiú roimhe seo. Clúdaítear fostaithe agus Baill Boird reatha agus iar-fhostaithe agus iar-Bhaill Boird TII sa bheartas seo. Tá nósanna imeachta ar leith bunaithe d'oibrithe eile atá ag tuairisciú faoin Acht agus is féidir iad a rochtain anseo NOCHTADH NEAMHBHALL FOIRNE

## 7. Céard é éagóir iomchuí?

Tá “éagóracha iomchuí” sainithe san Acht mar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- rinneadh cion, tá cion á dhéanamh nó is dócha go ndéanfar cion;
- theip ar dhuine, tá ag teip ar dhuine nó is dócha go dteipfidh ar dhuine aon oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, seachas oibleagáid atá ag teacht chun cinn faoi chonradh fostaíochta oibrí nó faoi chonradh eile ina ngeallann an t-oibrí aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a fheidhmiú go pearsanta;
- tá iomrall ceartais tarlaithe, ag tarlú nó is dócha go dtarlóidh a leithéid;
- tá dochar déanta, á dhéanamh nó is dócha go ndéanfar dochar do shláinte nó sábháilteacht aon duine aonair;
- tá damáiste déanta, á déanamh nó is dócha go ndéanfar damáiste don timpeallacht;
- tá úsáid mhídhleathach nó mhíchuí ar shlí éigin eile bainte, á baint nó is dócha go mbainfear úsáid mhídhleathach nó mhíchuí ar shlí éigin eile as cistí nó acmhainní comhlacht poiblí, nó as airgead poiblí eile;
- tá gníomh nó faillí déanta ag nó thar ceann comhlacht poiblí leatromach, idirdhealaitheach nó mórfhaillíoch nó is ionann é agus míbhainistíocht shuntasach;

- sárú dlí AE sonraithe atá leagtha amach i dTreoir 2019/1937 ón AE maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn go bhfuil dlí an Aontais Eorpaigh (an Treoir) sáraithe, á sárú nó gur dócha go sárófar é; nó

- faisnéis ina léirítear go bhfuil aon ní a áirítear sna míreanna roimh ré, á cheilt nó á scriosadh, á gceilt nó á scriosadh nó gur dócha go gceilfear nó go scriosfar iad.

Ní bhaineann sé le hábhar cibé acu ar tharla nó nár tharla éagóir iomchuí, an dtarlaíonn nó nach dtarlaíonn nó an dtarlódh nó nach dtarlódh éagóir iomchuí agus cibé acu an mbaineann an dlí ábhartha le hÉirinn nó le haon tír nó dlínse eile.

## 8. Eisiaimh ó éagóracha iomchuí

Ní ghlactar le ní mar éagóir iomchuí más ní é a bhaineann le gearáin idirphearsanta go heisiach a dhéanann difear do dhuine tuairiscithe na héagóra, cosúil le gearáin faoi choinbhleachtaí idirphearsanta idir an duine tuairiscithe agus oibrí eile. Ba cheart déileáil le tuairiscí dá leithéid trí thairbhe a bhaint as nósanna imeachta eile atá deartha chun déileáil lena leithéid sin de nithe.

Ní ghlactar le ní mar éagóir iomchuí más feidhm de chuid an oibrí nó fhostóir an oibrí é brath, imscrúdú nó ionchúiseamh agus ní áirítear ann agus níl gníomh nó faillí thar ceann an fhostóra i gceist leis.

## 9. Céard é faisnéis?

Ba cheart go mbeadh ‘faisnéis’ ina léirítear an éagóir le fáil i nochtadh cosanta. Is í an ghnáthchiall atá le faisnéis a nochtadh fíricí a chur in iúl, cosúil lena shonrú gur tharla eachtraí áirithe. Glacann Cúirt Uachtarach na hÉireann leis go gciallaíonn sé sin chun cáiliú mar nochtadh cosanta nach mór go gcuimseofaí i ráiteas faisnéis a léiríonn éagóir iomchuí amháin nó níos mó thar ceann an fhostóra agus ní mór go mbeadh dóthain ábhair fhíorasaigh agus sainiúlachta sa nochtadh chun na críche seo, fiú má dhéantar amhlaidh díreach trína bheith intuigthe de riachtanas. Ní hionann é seo agus líomhain a dhéanamh bunaithe ar amhras nach bhfuil bunaithe ar aon rud inláimhsithe.

## 10. Céard é tuairim réasúnach?

D'fhonn a chinntiú go bhfuil nochtadh á chosaint faoin Acht, ní mór go mbeadh “tuairim réasúnach” ag oibrí gur tharla éagóir, go bhfuil éagóir ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh éagóir. Ní chiallaíonn an téarma “tuairim réasúnach” go bhfuil an tuairim seo ceart agus sa chás go n-aimsíonn oibrí faisnéis i rith a c(h)uid fostaíochta, a léiríonn, bunaithe ar a t(h)uairim réasúnach, ‘éagóir iomchuí’ amháin nó níos mó, tá sé tábhachtach nach ndéanann siad iarracht an ní a imscrúdú chun na creidiúintí seo a fhíorú. Seachas sin, ba cheart dóibh na hábhair atá ag déanamh imní dóibh a thuairisciú trí na cainéil mheasúnaithe chuí atá bunaithe ag TII. Ní phionósófar duine tuairiscithe de bhrí go raibh sé/sí mícheart, fad is go raibh forais réasúnacha aige/aici a chreidiúint gur léirigh nó gur dócha gur léirigh an fhaisnéis nochta éagóir. Níl spreagadh duine tuairiscithe ábhartha nuair a

bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le cibé acu an nochtadh nó nach nochtadh cosanta ag an Acht é tuairisc, ar choinníoll gur féidir tuairim réasúnach a léiriú.

## 11. Céard é comhthéacs a bhaineann leis an obair?

Ní mór aird an duine tuairiscithe i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair a tharraingt ar an bhfaisnéis. Ciallaíonn comhthéacs a bhaineann leis an obair gníomhaíochtaí oibre atá á ndéanamh faoi láthair nó a rinneadh roimhe seo a n-aimsíonn an duine tuairiscithe faisnéis maidir le héagóir iomchuí a bhaineann leo, agus seans go mbeadh ar an duine tuairiscithe déileáil le pionósú maidir le tuairisciú na faisnéise seo.

## 12. Rúndacht

Ní mór aitheantas an duine a bhfuil nochtuithe á ndéanamh aige/aici a chosaint faoin Acht. Déanfaidh TII gach céim réasúnach d'fhonn a chinntiú go gcaitear le nochtuithe tríd an nós imeachta seo ar bhealach rúnda agus íogair. Cosnófar aitheantas oibrí ach amháin i gcás roinnt cásanna sonracha:

- léiríonn an faighteoir go ndearna sé/sí gach céim réasúnach chun nochtadh a leithéid d'fhaisnéis a sheachaint;
- creideann an faighteoir go réasúnach nach bhfuil agóid á déanamh ina c(h)oinne ag an duine a bhfuil an nochtadh á dhéanamh aige/aici;
- creideann an faighteoir go réasúnach go bhfuil nochtadh a leithéid d'fhaisnéis riachtanach d'imscrúdú éifeachtach na héagóra ábhartha, chun cosc a chur ar bhaol tromchúiseach do shlándáil an Stáit, sláinte phoiblí, sábháilteacht phoiblí nó don timpeallacht, nó cosc coireachta, nó ionchúiseamh mar gheall ar chion coiriúil;
- tá nochtadh riachtanach ar shlí eile ar mhaithe le leas an phobail nó ceangailte le dlí;
- is oibleagáid riachtanach agus chomhréireach forchurtha ag dlí an AE nó dlí an Stáit é nochtadh i gcomhthéacs imscrúduithe nó imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear é a bheith mar aidhm leis cearta cosanta an duine lena mbaineann a chosaint.

Sa chás go gcinntear go bhfuil sé riachtanach faisnéis a nochtadh a d'fhéadfadh aitheantas an nochtóra a nochtadh nó a nochtóidh aitheantas an nochtóra, cuirfear an cinneadh in iúl don nochtóir roimh ré, ach amháin sa chás go gcuirfeadh an fógra an méid seo a leanas i mbaol:

- imscrúdú éifeachtach na héagóra;
- baol tromchúiseach do shlándáil an Stáit, sláinte phoiblí, sábháilteacht phoiblí nó don timpeallacht, nó
- coireacht nó ionchúiseamh cion choiriúil a chosc.

Coimeádfaidh TII na doiciméid ar fad a bhaineann le nochtuithe i dtimpeallacht dhigiteach shlán nach mbeidh rochtain uirthi ach ag na baill foirne sin atá freagrach as nochtuithe cosanta a bhainistiú. Beidh an oibleagáid chéanna ar aon bhall foirne a bhfuil baint aige/aici le himscrúdú a dhéanamh ar nochtuithe cosanta aitheantas an nochtóra, mar an duine ainmnithe, a chosaint.

De réir an Achta, tá teip an cheanglais rúndachta a chomhlíonadh inghníomhaithe ag an nochtóir má bhíonn ar an duine sin déileáil le haon chaillteanas mar gheall ar theip an fhaighteora comhlíonadh.

Tá aon duine dá dtagraítear dó/di i nochtadh cosanta, a bhféadfaí éagóir a chur ina leith, agus aon duine atá nasctha leis/léi, i dteideal a (h)aitheantas a chosaint i rith aon mheasúnaithe nó aon imscrúdaithe ar an éagóir atá líomhnaithe.

Níor cheart d'aon bhall foirne de chuid TII, seachas duine ainmnithe, iarracht a dhéanamh duine tuairiscithe a shainaithint. Ní dhéileálfar le haon iarracht duine tuairiscithe a shainaithint, seachas mar atá ceadaithe go sainráite sa bheartas seo, cibé acu an n-éiríonn nó nach n-éiríonn lena leithéid, mar mhí-iompar faoi bheartas araíonachta TII.

## 13. Nochtuithe anaithnide

Tá deighilt á déanamh idir nochtadh anaithnid (tá aitheantas an oibrí a bhfuil an nochtadh á dhéanamh aige/aici coinnithe siar) agus nochtuithe rúnda (tá aitheantas an nochtóra á chosaint ag an bhfaighteoir). Níl nochtuithe anaithnide eisiata ó chosaint an Achta. Ainneoin go ngeallann TII gníomhú maidir le nochtadh anaithnid a mhéad agus is féidir, d'fhéadfadh go mbeadh sé an-deacair an éagóir a imscrúdú sa chás nach eol cé hé nó cé hí an nochtóir agus nach féidir teagmháil a dhéanamh leis an nochtóir.

Sa chás go sainaithnítear oibrí a dhéanann nochtadh anaithnid ina dhiaidh sin, tá sé/sí i dteideal cosaint iomlán faoi na hAchtanna agus ní féidir é/í a phionósú.

Molann TII d'aon oibrí a dhéanann nochtadh a (h)ainm agus sonraí teagmhála a chur ar fáil ionas gur féidir tacú ar bhealach níos fearr leis an bpróiseas measúnaithe agus imscrúdaithe.

Ní féidir le duine tuairiscithe sásamh a fháil faoin Acht gan iad féin a aithint mar chuid de phróiseas lorgtha sásaimh.

## 14. Nósanna imeachta chun nochtadh a dhéanamh - Inmheánach

Foráiltear san Acht do chóras nochta "céimnithe" ina bhfuil roinnt cainéal (inmheánach agus seachtrach) ar leith ar fáil. Tá sé tábhachtach go ndéanann oibrí nochtadh cosanta ar an mbealach atá forordaithe san Acht chun tairbhe a bhaint as an gcosaint atá ar fáil. Ní féidir nochtadh a tharraingt siar i ndiaidh nochtadh a dhéanamh.

Más cuí, b'fhéidir gur mhaith le hoibrí na hábhair atá ag déanamh imní dó/di a phlé ar bhonn neamhfhoirmiúil lena b(h)ainisteoir líne ar dtús, a bheadh in ann déileáil leis na hábhair sin ar dtús, b'fhéidir. Sna himthosca seo, ní bheidh feidhm le ceanglais fhoirmiúla tuairiscithe agus leantacha an

Achta ach beidh an t-oibrí i dteideal tairbhe a bhaint as gach cosaint faoin Acht. Sa chás go bhfiafraítear de bhainisteoir líne déileáil le nochtadh cosanta ar bhonn neamhfhoirmiúil, ba cheart dó/di fógra a chur chuig an gCeannasaí Rialachais agus Dlí ionas gur féidir na nochtadh a logáil chun críche taifead a choimeád.

Mura féidir déileáil leis an ábhar imní ar bhonn neamhfhoirmiúil, nó sa chás gur fearr leis an oibrí cainéil fhoirmiúla a úsáid sa chéad chás, ba cheart don oibrí tuairisciú tríd an gcainéal foirmiúil trí nochtadh a chur faoi bhráid **duine ainmnithe TII le haghaidh nochtuithe fostaí**. Is é duine ainmnithe TII le haghaidh nochtuithe fostaí Bainisteoir Dearbhaithe agus Tuairiscithe Feidhmíochta TII. Ba cheart tuairiscí a chur faoi bhráid an duine ainmnithe trí r-phost a sheoladh chuig staffdisclosures@tii.ie nó trí chruinniú a eagrú leis/léi. Ba cheart Tuairiscí ó Bhaill Boird a chur faoi bhráid Rúnaí an Údaráis. Féach ar Alt 21 den doiciméad seo má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le tuairiscí ó Bhaill Boird.

Sa chás go ndéanann duine tuairisc go pearsanta, féadfaidh an faighteoir a iarraidh go gcuirfí an nochtadh i scríbhinn. Nuair a dhéantar nochtadh, ba cheart d'oibrí an fhaisnéis atá aige/aici a nochtadh, bunaithe ar thuairim réasúnach go bhfuil éagóir á nochtadh. Ba cheart do dhaoine a bhfuil nochtadh cosanta á dhéanamh acu é a bhunú ar an bhfaisnéis a bhfuil a n-aird tarraingthe uirthi seachas teacht ar thátail maidir le daoine áirithe nó cionta sonracha.

Má bhraitheann duine nach féidir leis/léi an cheist a phlé leis an duine ainmnithe, má mheasann sé/sí nach bhfuil sé oiriúnach nó má mheasann an duine nach bhfuil gníomh cuí déanta ag an duine ainmnithe ar tarraingíodh a (h)aird ar an nochtadh ar dtús, ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh le Ceannasaí an Iniúchta Inmheánaigh. Tríd an méid sin a dhéanamh, ba cheart don oibrí na himthosca seo a leanas a shoiléiriú - an chúis nár tuairiscíodh an cheist don duine ainmnithe ar an gcéad dul síos nó an chúis ar dóigh leis/léi gur cheart tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar an gceist.

## 15. Nósanna imeachta chun nochtadh a dhéanamh – Seachtrach

Is fearr i bhformhór na n-imthosca má dhéanann oibrí nochtadh trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta inmheánacha atá sonraithe sa Nós Imeachta seo nó, mura bhfuil sé sin oiriúnach, trí úsáid a bhaint as ceann de na roghanna seachtracha atá sonraithe thíos. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar Alt 10 den Acht, arna leasú, má theastaíonn critéir tuairiscithe bhreise le haghaidh tuairiscí seachtracha chun cáiliú mar nochtuithe cosanta. I roinnt imthosca sonracha, b'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach nó ceangailteach ábhair imní a thuairisciú do chomhlacht seachtrach cosúil le rialtóir nó An Garda Síochána. Molaimid go láidir d'oibrithe comhairle a lorg sula dtuairiscíonn siad ábhar imní go seachtrach. Tá sonraí maidir leis an tacaíocht atá ar fáil sonraithe in Alt 20 den doiciméad seo. Chomh maith leis sin, is féidir le hoibrithe comhairle a lorg óna gcomhairleoirí dlí féin.

Féadfaidh oibrí nochtadh a dhéanamh go seachtrach má chomhlíontar coinníollacha áirithe eile lena n-áirítear an méid seo a leanas i ndáil leis an oibrí:

- creideann sé/sí go réasúnach go ndéanfar íospairt air/uirthi;

- creideann sé/sí go réasúnach go mbeidh fianaise iomchuí á ceilt nó á scrios;
- cuireadh nochtadh faoi bhráid TII roimhe seo maidir leis an bhfaisnéis chéanna go substaintiúil (go hinmheánach trí úsáid a bhaint as an nós imeachta thuasluaite); nó
- glactar leis an éagóir iomchuí mar éagóir atá an-tromaí.

Foráiltear san Acht le haghaidh nochtuithe trí roinnt cainéal seachtrach. Nuair a roghnaíonn oibrí nochtadh seachtrach a dhéanamh trí aon cheann de na cainéil seo a leanas, ba cheart go dtuigfeadh sé/sí go bhfuil ceanglais dhifriúla le comhlíonadh i ngach cás.

- ***duine freagrach eile*** - sa chás go gcreideann an t-oibrí go réasúnach go mbaineann an éagóir iomchuí, ina haonar nó go príomha, le hiompar duine seachas fostóir an oibrí nó go mbaineann an éagóir le freagracht dhlíthiúil an duine sin.
- ***duine forordaithe*** - Is féidir nochtadh cosanta a chur faoi bhráid duine forordaithe i gceann de na comhlachtaí liostaithe mar dhaoine forordaithe de bhua Alt 7. Tá eolas maidir le daoine forordaithe le fáil ar shuíomh gréasáin DPER anseo https://www.gov.ie/prescribed-persons Ba cheart a thabhairt faoi deara, chomh fada is a bhaineann le cás tuairiscithe do dhaoine forordaithe, go bhfuil ceanglas breise ann nach mór go mbeadh an duine tuairiscithe den tuairim, go réasúnach, go bhfuil an fhaisnéis nochta, agus aon líomhain atá le fáil san fhaisnéis sin, fíor go substaintiúil. Is duine forordaithe é POF TII bunaithe ar I.R. 367 de 2020. De bhrí go mbaineann ceanglais bhreise le nochtadh a chur faoi bhráid comhlachtaí forordaithe, moltar do bhaill foirne tuairisciú a dhéanamh faoin mbeartas seo (Tuarascáil inmheánach) ach is féidir leo, faoin Acht, tuairisciú do TII mar chomhlacht forordaithe. Tá na sonraí ar fad a bhaineann leis an bpróiseas seo le fáil i mBeartas & Nósanna Imeachta do neamhfhostaithe (ANSEO). Is féidir le fostaithe a bhfuil na nósanna imeachta le haghaidh tuairiscí a chur faoi bhráid comhlachtaí forordaithe tairbhe a bhaint as gach cosaint i gcoinne pionósaithe atá sonraithe sa doiciméad seo.
- ***comhairleoir dlí*** - sa chás go ndéanann an t-oibrí an nochtadh fad is atá comhairle dlí á fáil ó abhcóide, aturnae, oifigeach ceardchumainn nó oifigeach ó chomhlacht eiscthe (is comhlacht é comhlacht eiscthe a dhéanann idirbheartaíocht maidir le pá agus coinníollacha le fostóir ach ní ceardchumann é mar atá sainithe in Acht Ceárd-Chumann, 1941).
- ***an tAire Iompair*** - Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil ceanglais bhreise i bhfeidhm i ndáil le tuairiscí a chuirtear faoi bhráid Aire agus gur cheart do dhaoine tuairiscithe treoir a lorg sula ndéanann siad a leithéid de thuairisc.
- ***Coimisinéir na Nochtuithe Cosanta*** - Bunaíodh an Coimisinéir trí Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 agus tá cumhachtaí agus freagrachtaí áirithe aige/aici faoin Acht sin. Is é príomhdhualgas an Choimisinéara tuairiscí a atreorú chuig an bhfaighteoir is oiriúnaí. Tá na critéir a bhaineann le tuairisciú don Choimisinéir cosúil leis na critéir tuairiscithe atá luaite le daoine forordaithe.
- ***Nochtadh Poiblí a Dhéanamh -*** Tá na ceanglais a bhaineann le nochtuithe poiblí a dhéanamh e.g., d'asraon meáin, sonraithe in Alt 10 den Acht. Tá ceanglais níos dochraidí luaite le nochtuithe cosanta a dhéanamh agus moltar d'oibrithe glacadh le comhairle a fhaigheann siad maidir lena leithéid de nochtuithe a dhéanamh. Sa chás go gcuireann oibrí nochtadh faoi bhráid

duine éigin eile, ba cheart a leithéid a dhéanamh i scríbhinn agus cóip den nochtadh a choinneáil dó/di féin agus aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil leis an nochtadh.

### 16. Measúnú nochtuithe - Inmheánach

Glacann TII le gach nochtadh, beag beann ar an tslí a ndéantar iad, agus déantar gach iarracht is féidir déileáil go cuí leis na hábhair imní ar tarraingíodh aird orthu. A luaithe a bheidh nochtadh faighte, ba cheart don fhaighteoir a chur in iúl don POF go bhfuil nochtadh déanta agus roinnfidh sé/sí eolas maidir leis an gcineál faisnéise atá le fáil sa nochtadh leis/léi.

De bhrí nach eol, tráth déanta an nochta, cibé acu an nglacfar leis nó nach nglacfar leis ina dhiaidh sin an bhfuil nochtadh cosanta faoin Acht seo, coimeádfaidh an faighteoir taifead i scríbhinn dá g(h)níomhaíochtaí, lena n-áirítear amlínte, le linn dó/di déileáil leis an nochtadh.

Beidh an duine ainmnithe freagrach as cásbhainistiú agus as tuairisciú maidir leis na nochtuithe faighte agus is den tábhacht é go bhfuil faisnéis iomlán acu maidir le stádas na nochtuithe faighte agus an gníomh a rinneadh de bhua na nochtuithe sin.

#### (i) Admháil maidir le Nochtadh Cosanta

Cuirfidh an duine ainmnithe admháil ar fáil don nochtóir i scríbhinn laistigh de sheacht lá ón uair a ndéantar an nochtadh murar iarr an nochtóir go sainráite nach mian leis/léi aon chomhfhreagras maidir leis an nochtadh atá déanta a fháil.

Soláthróidh an duine ainmnithe cur síos ginearálta don nochtóir maidir leis an tslí a bhfuil sé beartaithe déileáil leis an nochtadh agus leis na hamlínte gaolmhara. Sonróidh sé/sí amfráma réasúnta chun aiseolas a sholáthar, amfráma nach féidir a bheith níos faide ná trí mhí i ndiaidh an dáta a fhaightear admháil maidir leis an nochtadh.

Soláthrófar nasc chuig an doiciméad seo san admháil, ina mbeidh sonraí maidir leis an bpróiseas nochtuithe cosanta, agus deimhneofar go mbeidh aitheantas an nochtóra á choimeád faoi rún, mar atá sonraithe sa doiciméad seo agus go mbeidh daoine a bhfuil nochtuithe á ndéanamh acu faoin mbeartas agus faoi na nósanna imeachta seo á gcosaint ó phionósú.

#### (ii) Measúnú Tosaigh

Déanfaidh an duine ainmnithe measúnú tosaigh ar an nochtadh chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann an nochtadh le scóip an nóis imeachta agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé riachtanach imscrúdú a dhéanamh ar an nochtadh.

Ba cheart don duine ainmnithe an méid seo a leanas, ar a laghad, a dhéanamh:

- coimeádfaidh sé/sí taifead den nochtadh agus de na céimeanna a cuireadh i gcrích chun déileáil leis;
- soiléireoidh sé/sí leis an oibrí an bunús atá leis na hábhair imní ar tarraingíodh aird orthu;

- bunóidh sé/sí an fhianaise atá ar fáil chun tacú leis an ábhar imní; agus
- déanfaidh sé/sí na fiosrúcháin ábhartha ar fad go tapa, go híogair agus go discréideach, agus cinnteoidh sé/sí go gcosnófar aitheantas dhéantóir an nochta (más gá aitheantas an oibrí a nochtadh chun fiosrúchán éifeachtach a dhéanamh, rachaidh sé/sí i gcomhairle leis an duine iomchuí ar an gcéad ásc). Ní mór aitheantas an duine dá dtagraítear dó/di sa nochtadh a chosaint freisin.

Nuair a bheidh an measúnú tosaigh curtha i gcrích, déanfaidh an duine ainmnithe cinneadh maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil imscrúdú le déanamh agus cuirfidh sé/sí an toradh seo in iúl don nochtóir, i dteannta le cúiseanna. Sampla de chúis a bheith le cinneadh a dhéanamh gan nochtadh a imscrúdú faoin mbeartas agus nós imeachta seo é go mbeadh gearán i gceist a bhfuil tionchar eisiach aige ar an nochtóir, agus ina leithéid sin de chás d'fhéadfadh an duine ainmnithe a mholadh don nochtóir tairbhe a bhaint as próisis eile chun a g(h)earán a réiteach (e.g., beartais chasaoide AD).

In imthosca áirithe, sa chás gur nochtadh tromchúiseach atá i gceist, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach an ní a atreorú chun críche imscrúdaithe sheachtraigh e.g., An Garda Síochána nó comhlacht imscrúdaitheach nó reachtúil eile.

Sa chás go gcinneann an duine ainmnithe nach bhfuil gá le himscrúdú, comhlánóidh sé/sí tuairisc i bhfoirm teimpléid in Aguisín I agus seolfaidh sé/sí an tuairisc chuig an POF agus Ceannasaí Rialachais & Dlí.

Mura bhfuil nochtóir sásta leis an gcinneadh gan leanúint ar aghaidh le himscrúdú, féadfaidh sé/sí athbhreithniú ar an gcinneadh a lorg mar atá sonraithe san alt dar teideal Athbhreithniú.

### (iii) Céim an Imscrúdaithe Iomláin

Sa chás go bhfuil gá le himscrúdú, tionscnófar imscrúdú iomlán láithreach. Is é príomhchuspóir an imscrúdaithe measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an nochtadh bunaithe ar thuairim réasúnach agus forais, bunaithe ar thuairim réasúnach ach gan a bheith bunaithe ar fhorais nó gur tuairisc bhréige déanta d'aon ghnó atá ann.

Sa chás, bunaithe ar nádúr an nochta, gur cheart dul i gcomhairle le duine éigin eile in TII ag a bhfuil an t-eolas, taithí nó scil theicniúil chuí i ndáil le hábhar an nochta chun measúnú nó imscrúdú ceart a dhéanamh ar an nochtadh, féadfaidh an duine ainmnithe dul i gcomhairle le duine nó le daoine mar sin agus féadfaidh sé/sí cuid den phróiseas imscrúdaitheach nó an próiseas imscrúdaithe ar fad a tharmligean dó/di más gá. Ní nochtóidh an duine ainmnithe aitheantas an nochtóra do dhuine nó do dhaoine dá leithéid ach amháin de réir mar is gá agus mar atá ceadaithe faoin mbeartas agus faoin nós imeachta seo. Beidh an duine ainmnithe freagrach as comhordú an mheasúnaithe/an imscrúdaithe agus as admháil, aiseolas agus tuairiscí a sholáthar.

Ba cheart go n-áireofar an méid seo a leanas, ar a laghad, sna céimeanna chun imscrúdú iomlán a dhéanamh:

- coimeádfaidh sé/sí taifead den nochtadh agus de na céimeanna a cuireadh i gcrích chun déileáil leis;
- soiléireofar an bunús atá leis na hábhair imní a bhfuil aird an oibrí tarraingthe orthu;
- bunófar an fhianaise atá ar fáil chun tacú leis an ábhar imní;
- déanfar gach fiosrúchán ábhartha go tapa, go híogair agus go discréideach, agus cinnteofar go gcosnófar aitheantas dhéantóir an nochta (más gá aitheantas an oibrí a nochtadh chun fiosrúchán éifeachtach a dhéanamh, rachfar i gcomhairle leis an duine iomchuí ar an gcéad ásc) agus aon duine dá dtagraítear dó/di sa nochtadh;
- breithneofar an baol a bhaineann leis an gceist agus cuirfear gníomh i gcrích láithreach má chuimsítear san éagóir líomhnaithe caillteanas tromchúiseach nó dainséar do dhaoine eile;
- ba cheart aon imscrúdú a bhíonn le déanamh, díreach cosúil le haon imscrúdú eile, a dhéanamh ar bhealach atá comhsheasmhach go hiomlán leis na nósanna imeachta imscrúdaithe reatha agus ba cheart prionsabail an cheartais aiceanta a chur san áireamh;
- ba cheart fianaise a fháil ó aon fhinnéithe iomchuí;

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an tuairisc nochta bunaithe ar thuairim réasúnach ach gan a bheith bunaithe ar fhorais, bunaithe ar thuairim réasúnach agus ar fhorais nó arb ionann é agus tuairisc bhréige déanta d'aon ghnó.

- gníomh iomchuí a dhéanamh má tá an nochtadh bunaithe ar fhorais;
- más nochtadh bréagach atá ann atá déanta d'aon ghnó, breithniú a dhéanamh ar an ngníomh ba cheart a dhéanamh; agus
- aiseolas i scríbhinn a chur ar fáil don oibrí mar atá sonraithe thíos, lena n-áirítear aon ghníomhaíocht atá molta.

Ag brath ar nádúr an nochta, féadfaidh an duine ainmnithe breithniú a dhéanamh ar an ní a atreorú chuig oifigeach sinsearach eile chun críche imscrúdaithe má bhreithnítear go bhfuil sé sin níos oiriúnaí. Ní féidir a leithéid d'atreorú a dhéanamh gan cead a fháil ón POF.

Ní mór don imscrúdaitheoir tionscnamh imscrúdaithe a thuairisciú don POF.

**(iv) Conclúid an imscrúdaithe agus Aiseolas**

Ní féidir amscálaí ná céimeanna atá riachtanach d'imscrúduithe a leagan síos, de bhrí go mbraithfidh siad ar nádúr na gceisteanna a bhfuil aird tarraingthe orthu.

Cuirfear aiseolas ar fáil don nochtóir maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an imscrúdú agus, más cuí, aon ghníomh déanta nó aon ghníomh atá le déanamh chun déileáil leis an éagóir atá tuairiscithe laistigh de thrí mhí ón admháil a fháil maidir leis an nochtadh. Is féidir tuilleadh aiseolas a sholáthar gach trí mhí ina dhiaidh sin bunaithe ar iarratas.

Nuair a bhíonn aiseolas á chur ar fáil, is é an ceanglas dosháraithe nach roinnfear aon fhaisnéis a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thoradh an imscrúdaithe nó d'aon ghnímh a d'fhéadfadh tarlú

mar shampla, tríd an mbonn a bhaint den cheart chun nósanna imeachta cothroma ar féidir le haon duine a ndéantar líomhain ina (h)aghaidh tairbhe a bhaint astu.

Soláthraítear aon aiseolas a chuirtear ar fáil do nochtóir i modh rúin agus níor cheart a leithéid a nochtadh ar shlí ar bith eile, seachas do nochtóir dlí an nochtóra nó d'ionadaí ceardchumainn nó murab ionann an fhaisnéis agus cuid de nochtadh cosanta eile atá á dhéanamh trí chainéal eile.

Nuair a bheidh an próiseas imscrúdaithe curtha i gcrích, tuairisceoidh an duine ainmnithe an toradh don nochtóir agus cuirfear na taifid ar fad ar fáil don Cheannasaí Rialachais agus Dlí. Chomh maith leis sin, ba cheart don imscrúdaitheoir tuairisc a chomhlánú i bhfoirm an teimpléid atá le fáil in Aguisín I agus an tuairisc a chur ar fáil don POF agus don Cheannasaí Rialachais & Dlí.

Beidh sonraí an toraidh deiridh a chuirfear ar fáil don nochtóir faoi réir srianta dlíthiúla a bhaineann le rúndacht, pribhléid dhlíthiúil, príobháideachas, cosaint sonraí agus aon oibleagáid dhlíthiúil eile. Ní chuirfear sonraí ar fáil do nochtóirí maidir le tús, dul chun cinn nó toradh aon phróisis araíonachta a bhfuil baint ag oibrí eile leis a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar imscrúdú mar thoradh ar an nochtadh cosanta.

Más rud é, i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar an gceist, go gcinntear nár tharla aon éagóir agus má mheastar nach raibh tuairim réasúnach ag an nochtóir an éagóir a líomhain, atreorófar sonraí an cháis don POF agus don Cheannasaí Acmhainní Daonna agus é mar aidhm breithniú a dhéanamh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart imeachtaí araíonachta a thionscnamh i gcoinne an duine iomchuí. Mura bhfuil nochtóir sásta le toradh imscrúdaithe, féadfaidh sé/sí athbhreithniú a lorg.

### (v) Prionsabail ghinearálta d'imscrúduithe

*Nósanna Imeachta Cothroma agus Ceartas Aiceanta*

Déanfar aon imscrúdú mar thoradh ar nochtadh ar bhealach a thabharfaidh aird iomlán ar phrionsabail an cheartais aiceanta agus nósanna imeachta cothroma, lena n-áirítear cosaint ceart daoine a bhfuil líomhaintí maidir le héagóirí á ndéanamh ina gcoinne (an 'Freagróir'). Ina lán cásanna, d'fhéadfaí go n-áireofaí i measc ceart chun nósanna imeachta cothroma an Fhreagróra ceart dúshlán na fianaise ina c(h)oinne a thabhairt. Ní mór cothromaíocht a chinntiú idir an ceart seo agus na cearta atá le fáil san Acht, cosúil le ceart an nochtóra a (h)aitheantas a chosaint.

Braithfidh an cinneadh maidir le cibé ar cheart nó nár cheart aitheantas an nochtóra a nochtadh ar fhíricí an cháis, a d'fhéadfaí a áireamh ina measc, mar shampla, cibé acu atá nó nach bhfuil líomhain á déanamh i gcoinne duine aonair agus nádúr na líomhna sin. Ní mór don duine ainmnithe breithniú a dhéanamh ar a leithéid nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le cibé acu an féidir nó nach féidir nochtadh cosanta a imscrúdú agus nádúr aon imscrúdaithe.

*Téarmaí Tagartha*

Ainneoin go mb'fhéidir nach mbeidh téarmaí tagartha riachtanach do gach imscrúdú, chomh fada is a bhaineann le himscrúduithe níos casta agus níos tromchúisí, féadfaidh an duine ainmnithe cinneadh a dhéanamh téarmaí tagartha a chur i dtoll a chéile. Ba cheart go mbeadh téarmaí tagartha sách ginearálta chun cead a thabhairt don imscrúdaitheoir tuilleadh gníomhartha a

dhéanamh nó tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar cheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun solais i rith an imscrúdaithe agus níor cheart go mbeidís sriantach go míchuí. Forálfar d'athbhreithniú na ndoiciméad agus do chur faoi agallamh na bhfinnéithe sna téarmaí tagartha de réir mar is cuí. Déanfaidh an POF na téarmaí tagartha a athbhreithniú agus a cheadú.

*Ionadaíocht Dhlíthiúil*

Ainneoin gur féidir le nochtóir comhairle dlí a lorg maidir le nochtadh cosanta a dhéanamh, níl aon cheart aige/aici glacadh leis go mbeidh na costais dlí á n-íoc ag TII. Ní bheidh aon cheart uathoibríoch d'ionadaíocht dhlíthiúil ag nochtóirí ag cruinnithe imscrúdaithe ach féadfaidh comhoibrí nó ionadaí ceardchumainn ionadaíocht a dhéanamh air/uirthi nó é/í a thionlacan. Ní bheidh ceart d'ionadaíocht dhlíthiúil i gceist ach in imthosca eisceachtúla. Baineann sé seo le hionadaíocht dhlíthiúil agus le costais dhlíthiúla do Fhreagróirí ar bhonn comhionann. Nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar iarratas ar ionadaíocht dhlíthiúil, breithneoidh an t-imscrúdaitheoir cibé acu an dócha nó nach dócha go gceadóidh teip ionadaíocht dhlíthiúil a cheadú éisteacht chóir nó toradh cóir a chur i gcontúirt, trí imthosca ginearálta an cháis a chur san áireamh.

*An ceart chun athbhreithnithe*

Sa chás go bhfuil toradh díobhálach i gcoinne oibrí eile mar thoradh ar imscrúdú faoin mbeartas agus nós imeachta seo (an Freagróir), is cúis le próiseas araíonachta nó tuilleadh imscrúduithe nó próiseas ina c(h)oinne, beidh an ceart ag an bhFreagróir athbhreithniú maidir le toradh an imscrúdaithe a lorg.

*Iompar gairmiúil*

Sa chás go bhfuil tuairisc curtha ar fáil ag oibrí, cibé acu atá nó nach bhfuil measúnú nó imscrúdú déanta air, ceanglaítear ar an oibrí fós é/í féin a iompar go gairmiúil agus leanúint ar aghaidh lena d(h)ualgais a chomhlíonadh mar is iondúil. Ní ghlactar le gnáthbhainistiú oibrí a chuir tuairisc ar fáil agus pionósú.

## 17. Athbhreithniú ar mheasúnuithe agus ar imscrúduithe

Sa chás nach bhfuil páirtí a bhfuil tionchar ag na próisis seo a leanas air/uirthi sásta le:

- aon chinneadh a rinneadh chun aitheantas an nochtóra a nochtadh (seachas i gcásanna eisceachtúla);
- iompar nó toradh na ngníomhaíochtaí leantacha (lena n-áirítear measúnú nó imscrúdú) déanta i ndiaidh admháil maidir le tuairisc a fháil; agus/nó
- iompar nó toradh aon imscrúdaithe i ndáil le haon ghearán maidir le pionósú;

féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas, cinneadh agus/nó toradh. Ceadaítear athbhreithniú amháin a dhéanamh faoi théarmaí an Nóis Imeachta seo agus glactar leis go bhfuil cinneadh an athbhreithnithe sin críochnaitheach. Féadfaidh an nochtóir iarratas ar athbhreithniú a chur faoi bhráid an POF, agus a shonrú go raibh an éagóir nochta

measúnaithe nó imscrúdaithe cheana féin ag an duine ainmnithe, agus na cúiseanna ar dóigh leis/léi go bhfuil gá le tuilleadh imscrúdaithe nó athbhreithnithe a shoiléiriú.

Coimisiúnóidh an POF athbhreithniú ar an gceist a bheidh á dhéanamh ag duine nach raibh páirteach sa mheasúnú, imscrúdú nó cinneadh tosaigh. Féadfaidh duine ó lasmuigh de TII an t-athbhreithniú seo a dhéanamh más cuí. Beidh an t-athbhreithniú bunaithe ar na nósanna imeachta seo a leanas atá luaite sa Treoirlíne seo do mheasúnú agus d'imscrúdú nochtuithe. Nuair a bheidh an t-athbhreithniú curtha i gcrích, roinnfidh an POF eolas leis an nochtóir agus leis an duine ainmnithe maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil imscrúdú níos mionsonraithe oiriúnach. Glacfar le cinneadh an POF gan leanúint ar aghaidh leis an éagóir líomhnaithe mar chinneadh críochnaitheach.

Sa chás gur bhain an nochtadh a rinneadh ar dtús leis an POF, féadfaidh an nochtóir iarratas ar athbhreithniú a chur faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird, agus a shonrú go raibh an éagóir nochta measúnaithe nó imscrúdaithe cheana féin ag an bhfaighteoir ainmnithe, agus na cúiseanna ar dóigh leis/léi go bhfuil gá le tuilleadh imscrúdaithe nó athbhreithnithe a shoiléiriú.

Coimisiúnóidh Cathaoirleach an Bhoird athbhreithniú ar an gceist a bheidh á dhéanamh ag duine nach raibh páirteach sa mheasúnú, imscrúdú nó cinneadh tosaigh. Féadfaidh duine ó lasmuigh de TII an t-athbhreithniú seo a dhéanamh más cuí. Beidh an t-athbhreithniú bunaithe ar na nósanna imeachta seo a leanas atá luaite sa Treoirlíne seo do mheasúnú agus d'imscrúdú nochtuithe. Nuair a bheidh an t-athbhreithniú curtha i gcrích, roinnfidh Cathaoirleach an Bhoird eolas leis an nochtóir agus leis an duine ainmnithe maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil imscrúdú níos mionsonraithe oiriúnach. Glacfar le cinneadh Chathaoirleach an Bhoird gan leanúint ar aghaidh leis an éagóir líomhnaithe mar chinneadh críochnaitheach.

Ní mór gach iarratas ar athbhreithniú faoin mbeartas seo a dhéanamh <u>laistigh de mhí amháin</u> ón bhfógra maidir leis an gcinneadh nó toradh a roinnt leis an bpáirtí dá ndéantar difear dó/di.

Is é ról an athbhreithneora díriú ar na ceisteanna sonracha a shíleann an t-iarrthóir nár breithníodh go cuí agus gan ath-imscrúdú a dhéanamh ar an gceist. Breithneoidh an t-athbhreithneoir an méid seo a leanas:

- cibé acu ar leanadh nó nár leanadh na nósanna imeachta cearta;
- maidir le cás atá á imscrúdú faoi théarmaí tagartha, cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na téarmaí tagartha;
- cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí conclúidí/tátail a bhunú ar an bhfaisnéis/ar an bhfianaise bunaithe ar dhóchúlacht.

## 18. <u>Cosaint i gcoinne pionósaithe</u>

Tá aon fhoirm phionósaithe oibrithe a dhéanann nochtuithe cosanta toirmiscthe faoin Acht a chiallaíonn go nglactar le pionósú daoine tuairiscithe agus daoine nasctha mar chion coiriúil.

Deimhníonn TII nach nglacfar le pionósú oibrithe a dhéanann tuairisc dá leithéid agus nach bpionósófar aon oibrí a bhfuil tuairim réasúnach aige/aici i ndáil le tarlú éagóir thromaí a nochtann an t-ábhar imní sin, mar thoradh ar an nochtadh sin a dhéanamh, fiú amháin mura ndéantar aon

imscrúdú ina dhiaidh sin nó sa chás go ndéantar imscrúdú agus go n-aimsítear mar thoradh ar an imscrúdú nár tharla aon éagóir iomchuí.

D'fhéadfaí gurb éard a bheadh i gceist le pionósú gníomh nó faillí díreach nó neamhdhíreach a dhéanann difear do dhuine tuairiscithe, a tharlaíonn i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair, atá á spreagadh ag tuairisc a dhéanamh agus a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le díobháil gan údar maith d'oibrí agus d'fhéadfaí go n-áireofaí ina measc, fionraí, ísliú céime nó caillteanas deise d'ardú céime, gortú, caillteanas, bagairt díoltais, teip athnuachan a dhéanamh nó luathfhoirceannadh, mar shampla. Níl an liosta seo uileghabhálach.

Má chreideann oibrí gur pionósadh é/í mar thoradh ar nochtadh maidir le héagóir a dhéanamh de réir an nóis imeachta seo, ba cheart dó/di labhairt leis an gCeannasaí Acmhainní Daonna chun sásamh a lorg.

## 19. <u>Taifid agus Tuairisciú</u>

Coimeádfar taifid maidir le hábhair imní ar tarraingíodh aird orthu, lena n-áirítear an toradh, le haghaidh cúig bliana ar a laghad i ndiaidh don duine ainmnithe an cás a dhúnadh. Coimeádfar na taifid seo i dtimpeallacht rúnda agus shlán.

Ceanglaítear ar TII, faoi Alt 22 den Acht, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina sonraítear líon na nochtuithe cosanta faighte sa bhliain roimhe sin agus an chaingean a rinneadh (más cuí). Áireofar an deimhniú maidir leis an Nochtadh Cosanta i dtuarascáil bhliantúil agus i gcuntais TII. Tá an tuarascáil seo bunaithe ar staitisticí agus níl aon duine a dhéanann nochtuithe inaitheanta.

## 20. <u>Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise</u>

Admhaítear go mbeidh sonraí pearsanta á bpróiseáil le haghaidh go leor nochtuithe cosanta laistigh de bhrí na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (e.g., bailiú, clárú, stóráil, nochtadh agus scriosadh sonraí a bhaineann le duine aitheanta nó inaitheanta). Beidh a leithéid sin d'fhaisnéis á bainistiú agus á próiseáil de réir Bheartas agus Nósanna Imeachta Cosanta Sonraí TII.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbunaítear forálacha nua in Alt 16 B den Acht leasaithe a chiallaíonn, in imthosca áirithe, agus áit a mheastar atá riachtanach agus oiriúnach, go bhféadfaí srian a chur le cearta daoine is ábhar do na sonraí chun cosc a chur ar nochtadh faisnéise agus aitheantais daoine a bhfuil nochtuithe á ndéanamh acu. D'fhéadfadh go mbeadh sé mar bhonn le diúltú d'iarratas duine ar a s(h)onraí, mar shampla. Chomh maith leis sin, cuireann an tAcht srian le cur i bhfeidhm Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (Acht SF) agus ní bheidh feidhm leis an Acht SF i ndáil le taifead a bhaineann le tuairisc a rinneadh faoi na hAchtanna um Nochtuithe Cosanta.

## 21. <u>Tacaíocht agus Comhairle</u>

Is féidir tacaíocht agus comhairle maidir le léirmhíniú agus oibriú an bheartais agus na nósanna imeachta seo a lorg ó Cheannasaí Rialachais & Dlí TII nó ag governance@tii.ie

Tá tuilleadh eolais maidir leis an Acht um Nochtuithe Cosanta le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag https://www.gov.ie/en/publication/e20b61-protected-disclosures-act-guidance-for-public-bodies/

Tá faisnéis neamhspleách le fáil ar an suíomh gréasáin Faisnéis do Shaoránaigh https://www.citizensinformation.ie/en/employment/enforcement_and_redress/protection_for_whistleblowers.html

Tá líne chabhrach agus ionad comhairle saor in aisce *Speak Up* á chur ar fáil ag *Transparency International Ireland*, atá á mhaoiniú ag an Státchiste, chun tacú le hoibrithe ar mian leo nochtuithe a dhéanamh faoin Acht agus tá sonraí le fáil ar a suíomh gréasáin https://www.transparency.ie/helpline

Beidh an doiciméad seo ar fáil do bhaill foirne ar inlíon TII in Aguisín E(i) den Chód Cleachtais do Rialachas TII.

## 22. Tuairiscí ó Bhaill den Údarás (Baill Boird)

Ba cheart do Bhall den Údarás ceaptha ag an Aire Iompair faoi Acht na mBóithre, 1993, nó ball den Bhord nó fochoiste den Bhord, comhthofa nó ceaptha ar shlí eile ar an mBord, tuairisciú de réir an bheartais seo do Rúnaí an Bhoird. Sa chás gur cuí tuairisciú don Rúnaí, is féidir tuairiscí a chur faoi bhráid Cheannasaí an Iniúchta Inmheánaigh. Beidh feidhm le gach foráil eile den bheartas agus nós imeachta seo i ndáil lena leithéid de thuairiscí.

## 23. Treoir maidir le nochtadh a dhéanamh

Go hidéalach, ba cheart nochtuithe a dhéanamh i scríbhinn. Nuair a bhíonn tuairisc á scríobh, ba cheart d'oibrí léargas a thabhairt ar agus tacaíocht a sholáthar le haghaidh na gcúiseanna atá leis na hábhair atá ag déanamh imní dó/di agus fianaise a sholáthar maidir leis na hábhair imní sin áit a bhfuil a leithéid d'fhianaise ar fáil. Ba cheart go mbeadh aon tuairiscí dá leithéid fíorasach (bunaithe ar eolas an oibrí) agus ba cheart díriú ar na sonraí seo a leanas, ar a laghad:-

- tá an nochtadh á dhéanamh faoi Bheartas & Nósanna Imeachta Nochtuithe Cosanta;
- ainm, post in TII, áit oibre agus sonraí teagmhála rúnda an nochtóra;
- céard atá tarlaithe/atá ag tarlú/is dócha a tharlóidh;
- cathain ar tharla sé - dáta na héagóra líomhnaithe (más eol) nó an dáta ar thosaigh nó ar sainaithníodh an éagóir líomhnaithe;
- cár tharla an éagóir;
- cé a bhí páirteach - ainm an duine/na ndaoine a líomhnaítear a bhí páirteach (má tá aon ainm ar eolas agus má bhreithníonn an t-oibrí gur gá duine aonair a ainmniú chun an éagóir iomchuí a nochtadh);
- ar tharla a leithéid roimhe seo;
- cibé acu atá nó nach bhfuil an éagóir fós ar siúl;
- cibé acu ar tharraing nó nár tharraing aon duine eile laistigh de TII nó go seachtrach aird ar an éagóir cheana féin? Más rud é gur tarraingíodh aird ar an éagóir cheana, cén ghníomh a rinne cén duine, cén uair;
- an bhfuil aon fhinnéithe eile ann;
- an bhfuil aon fhaisnéis nó doiciméid tacaíochta ar fáil;
- conas ar tháinig an éagóir chun solais; agus
- aon fhaisnéis ábhartha eile.

**Roinn Rialachais & Dlí TII**

**Eanáir 2023**

**AGUISÍN I – NOCHTUITHE COSANTA - TEIMPLÉID DE THUAIRISC AN FHAIGHTEORA**

| | |
|---|---|
| Tá an tuairisc seo le comhlánú ag faighteoir Nochtadh Cosanta maidir le héagóir iomchuí faoi Acht 2014, arna leasú, agus úsáidfidh TII é d'fhonn a chinntiú go mbeidh gníomhartha éagóracha a chuirtear faoi bhráid na heagraíochta á mbainistiú go cuí. De réir cheanglais an achta, tá aitheantas an duine a bhfuil nochtadh á thuairisciú aige/aici le cosaint agus níor cheart aon sonraí a d'fhéadfadh cabhrú le haitheantas a leithéid sin de dhuine a shoiléiriú a lua sa tuairisc seo (cosúil le hainm, ról, sonraí teagmhála nó aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le duine a aithint). Ba cheart an tuairisc a sheoladh chuig an gCeannasaí Rialachais & Dlí a luaithe agus is féidir ach tráth nach déanaí ná an 15 Eanáir gach bliain le haghaidh nochtuithe a rinneadh an bhliain roimhe sin. | |
| DÁTA AN CHÉAD UAIR A NDEARNA AN DUINE ATÁ AG DÉANAMH AN NOCHTAITHE TEAGMHÁIL: | |
| SOLÁTHAIR SONRAÍ MADIIR LEIS AN NOCHTADH COSANTA LÍOMHNAITHE (ná cuir aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn leis an nochtóir a aithint san áireamh): | |
| AR CUIREADH IN IÚL AR AN MEASÚNÚ TOSAIGH GUR CHEANGAIL AN TUAIRISC IMSCRÚDÚ FAOI BHEARTAS NOCHTUITHE COSANTA TII (MURA CUIREADH, SONRAIGH AN CHÚIS) | |
| SOLÁTHAIR SONRAÍ MAIDIR LEIS NA CÉIMEANNA A CUIREADH I GCRÍCH CHUN IMSCRÚDÚ A DHÉANAMH AR NA LÍOMHAINTÍ A RINNEADH: | |
| AR THACAIGH AON IMSCRÚDÚ DÁ LEITHÉID LEIS AN LÍOMHAIN MAIDIR LEIS AN ÉAGÓIR? | |
| MÁ CINNEADH GO RAIBH TACAÍOCHT AR FÁIL DON LÍOMHAIN, CÉARD IAD NA CÉIMEANNA ATÁ CURTHA I GCRÍCH CHUN DÉILEÁIL LEIS AN ÉAGÓIR LÍOMHNAITHE? | |
| AN BHFUIL AN CHEIST RÉITITHE? | |
| AN BHFUIL EOLAS MAIDIR LE TORADH AON IMSCRÚDAITHE ATÁ DÉANTA AG TII ROINNTE LEIS AN NOCHTÓIR BUNAIDH? | |
| SOLÁTHAIR AON SONRAÍ BREISE A CHREIDEANN TÚ ATÁ ÁBHARTHA DON NOCHTADH A RINNEADH SA CHÁS SEO (ná lua rud ar bith a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn leis an nochtóir a aithint) | |

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Bonneagar Iompair Éireann
Ionad Gnó Gheata na Páirce
Sráid Gheata na Páirce
Baile Átha Cliath 8
Éire, D08 DK10

Transport Infrastructure Ireland
Parkgate Business Centre
Parkgate Street
Dublin 8
Ireland, D08 DK10

www.tii.ie

info@tii.ie

+353 (0)1 646 3600

+353 (0)1 646 3601